Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh lena n-áirítear seirbhísí faoi leith atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus íocaíochtaí deontas agus deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €4.64 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánach a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí Roinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí idir Roinn an Taoisigh agus Lárionad Comhsheirbhísí Airgeadais Chill Airne i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar. Tá Comhaontú um Bainistíocht Seirbhísí idir Roinn an Taoisigh agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar á phlé faoi láthair. Tá dréacht-chomhaontú gar a bheith i gcrích. Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta ábhartha na Vótaí sin go bhfuil na rialuithe cuí á gcur i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar do Roinn an Taoisigh.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an chreatlach nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthaimh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de cheithre chonradh dar luach €434,391 a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i leith Imlitir 40/2002. Áiríodh péire de na conarthaí sin, dar luach €249,946, toisc go raibh siad ag rollú ó bhliain roimhe sin.  Ina theannta sin, baineann ceann de na conarthaí sin dar luach €68,968 le teicneolaíocht cumarsáide. Bronnadh an conradh a bhí fágtha, dar luach €115,477 gan tairiscint iomaíoch. Cuireadh mionanailís costas-tairbhe idir-rannach i bhfeidhm, áfach, lena chinntiú go mbeadh luach maith ar airgead le baint as an gconradh a bhí beartaithe a bhronnadh.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

21 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 2 Taoisigh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 2 Taoisigh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn an Taoisigh. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

17 Meitheamh 2016

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | 27,892 | 23,288 | 20,835 |
| | **Ollchaiteachas** | **27,892** | **23,288** | **20,835** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **870** | **909** | **935** |
| | **Glanchaiteachas** | **27,022** | **22,379** | **19,900** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 4,643,451 | 1,522,914 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 12,336 | 12,012 | 11,238 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 535 | 468 | 404 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,072 | 666 | 547 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 360 | 261 | 296 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,160 | 770 | 731 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 316 | 291 | 315 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar bheartais | 18 | 9 | 15 |
| | | 15,797 | 14,477 | 13,546 |

# Nótaí maidir leis an Ráiteas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas clár | | 8,811 | 7,289 |
| Pá | | 12,012 | 11,238 |
| Neamhphá | | 2,465 | 2,308 |
| **Ollchaiteachas** | | **23,288** | **20,835** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **909** | **935** |
| **Glanchaiteachas** | | **22,379** | **19,900** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (109) | | |
| Dímheas | 110 | | |
| | | 1 | 1 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 140 | | |
| Laghdú ar stoc | (3) | | |
| | | 137 | (294) |
| **Caiteachas díreach** | | **22,517** | **19,607** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta1.1) | | 4,161 | 4,047 |
| Measchíosanna | | 1,395 | 1,395 |
| **Glanchostas clár** | | **28,073** | **25,049** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 2, a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 2,648 | 2,663 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 514 | 537 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 14 | — |
| Vóta 20 An Garda Síochána | | 256 | 179 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas | m | 63 | 117 |
| Vóta 36 Cosaint | m | 72 | 58 |
| Ciste Lárnach: Pinsin Taoisigh agus Aire | m | 594 | 493 |
| | | **4,161** | **4,047** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **342** | **343** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 574 | 1,173 |
| Stoic | 2.4 | 95 | 92 |
| Réamhíocaíochtaí | | 333 | 247 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 273 | 288 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,275** | **1,800** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 314 | 88 |
| Iarmhéideanna Sochair Eile | 2.6 | 654 | 391 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.7 | 193 | 1,070 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,161** | **1,549** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 114 | 251 |
| **Glansócmhainní** | | **456** | **594** |
| **Arna léiriú sa:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.1 | **456** | **594** |

| **2.1 Cuntas Cistithe an Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 594 | 301 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 27,022 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (4,643) | | |
| Glan vóta | | | 22,379 | 19,900 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 4,161 | 4,047 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíosanna | 1 | | 1,395 | 1,395 |
| Glanchostas clár | 1 | | (28,073) | (25,049) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **456** | **594** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luach ag 1 Eanáir 2015 | 2,226 | 586 | 2,812 |
| Breiseanna | 105 | 4 | 109 |
| Diúscairtí | (97) | — | (97) |
| Costas nó luach ag 31 Nollaig 2015 | 2,234 | 590 | 2,824 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid oscailte ag 1 Eanáir 2015 | 1,980 | 489 | 2,469 |
| Dímheas don bhliain | 89 | 21 | 110 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (97) | — | (97) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2015 | 1,972 | 510 | 2,482 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **262** | **80** | **342** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **246** | **97** | **343** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 528 | 1,149 |
| Cuntas bhainc thráchtála | 46 | 24 |
| | 574 | 1,173 |

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Bronntanais | 11 | 10 |
| Stáiseanóireacht | 38 | 34 |
| Foilseacháin | 41 | 41 |
| Ábhar Inchaite. srl. | 5 | 7 |
| | 95 | 92 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cuntas fionraí OOP | 148 | — |
| Cuntas fionraí párolla | 25 | 209 |
| Aisghabháil ar chaiteachas na scéime pas taistil | 64 | 74 |
| Eile | 36 | 5 |
| | 273 | 288 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 331 | 219 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 115 | 76 |
| Cáin Bhreisluacha | 24 | 5 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 90 | 18 |
| Fionraí pinsean | — | 4 |
| | 560 | 322 |
| Asbhaintí den phárolla a coimeádadh ar fionraí | 93 | 68 |
| Eile | 1 | 1 |
| | 654 | 391 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 4,643 | 1,523 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,450) | (453) |
| Glandliteanas don Státchiste | 193 | 1,070 |
| | | |
| **Arna léiriú i:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 574 | 1,173 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 273 | 288 |
| | 847 | 1,461 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (560) | (322) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (94) | (69) |
| | (654) | (391) |
| | | |
| | 193 | 1,070 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 222 | 45 |

**2.9 Dliteanais Aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibithe gan scaoileadh ag deireadh na bliana 2015 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 12,336 | 12,012 | 11,238 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 3,461 | 2,465 | 2,308 |
| A.3 | An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (deontas i gcabhair) | 1,990 | 1,919 | 1,807 |
| A.4 | Binse Fiosraithe | 4,755 | 2,913 | 3,697 |
| A.5 | Rannpháirtíocht an AE | 250 | 302 | 236 |
| A.6 | Pearsanra Éireannach in institiúidí an AE agus idirnáisiúnta | 1,600 | 1,182 | 644 |
| A.7 | Coimisiún Imscrúdaithe | 2,000 | 1,637 | 578 |
| A.8 | Cosaint Sonraí | 500 | 163 | — |
| A.9 | Gnóthaí Diaspóra | 1,000 | 695 | — |
| — | *Tionól Bunreachtúil* | — | — | 327 |
| | | 27,892 | 23,288 | 20,835 |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €4.6 milliún ní b’ísle ná mar a soláthraíodh. Seo a leanas na hathrúcháin shuntasacha:

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 996 | Tharla an t-athraitheas go príomha mar gheall ar thearc-chaitheamh i bhfotheideal (iii) de bharr iarchur tionscadail chumarsáide trasrannaigh agus fotheideal (v) de bharr iarchur tógála chun tionscadal rianaithe comhfhreagrais a roinnt (€200,000) agus de bharr uasghrádú na gcrua-earraí agus na gceadúnaithe dar luach €100,000 go dtí 2016. |
| Binsí Fiosraithe | 1,842 | Tharla an t-athraitheas mar gheall ar líon na n-éileamh costas dlí a socraíodh in 2015 a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Pearsanra as Éirinn in institiúidí AE agus idirnáisiúnta | 418 | Tharla an t-athraitheas mar gheall ar an moill i nglacadh na bpost iasachta ceadaithe.  Mhéadaigh an scéim go suntasach in 2015 (ó 11 post ag deireadh 2014 go dtí 19 post ag deireadh 2015). |
| Coimisiún Imscrúdúcháin | 363 | Bhí roinnt gnéithe de riachtanais an Choimisiúin Fennelly ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús (maidir le táillí dlí, costais/taistil finné agus cothabháil agus luathscríbhneoireacht). Tháinig athrú freisin ar riachtanais foirne an Choimisiúin. |

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cosaint Sonraí | 337 | I mí Dheireadh Fómhair 2014, d'aistrigh freagracht na feidhme um chosaint sonraí chuig an Roinn seo chun cur chuige uile-rialtais maidir le saincheisteanna cosanta sonraí a chinntiú. Bhí buiséad 2015 bunaithe ar bhliain iomlán gníomhaíochta sa bhfotheideal seo. Tharla an t-athraitheas sin mar gheall go raibh an oifig i staid nua-thionscanta in 2015 agus le nach raibh na struchtúir ná na tacaíochtaí i bhfeidhm go hiomlán go dtí níos déanaí sa bhliain. |
| Gnóthaí Diaspóra | 305 | Tharla an t-athraitheas den chuid is mó mar gheall nach raibh an creat beartas maidir le tionscnaimh diaspóra i bhfeidhm ach ó Mhárta 2015 (Éireannaigh an Domhain: Beartas Diaspóra na hÉireann) a laghdaigh an t-aga tionscanta maidir le pleanáil tionscnamh le seachadadh le linn 2015. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilghnéitheach | 58 | 55 | 128 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint um pinsean as luach saothair seirbhíse poiblí | 812 | 854 | 807 |
| | **Iomlán** | **870** | **909** | **935** |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 217 | 214 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 12,787 | 12,263 |
| Liúntas i leith ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 310 | 341 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 340 | 365 |
| ÁSPC Fostóra | 848 | 803 |
| **Pá iomlán** | **14,285** | **13,772** |

Áirítear san anailís thuas foireann neamhroinne a ghearrtar go A.1 agus fo-cheannteidil eile.

Áirítear ar fhigiúirí 2015 sa tábla thuas croífhoireann ón Roinn (191), Cosaint Sonraí (2), Gnóthaí Diaspóra (2), An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESC) (18), Coimisiún Fennelly (1), An Coimisiún Imscrúdúcháin (IBRC) (2), Binse Moriarty (1).

Áirítear sna sonraí thuas íocaíochtaí le háisíneacht earcaíochta maidir le rúnaí dlí a chur ar fail do Bhinse Moriarty.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2015 | 2014 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 40 | 14 | 21,406 | 20,614 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 70 | 10 | 23,596 | 21,737 |
| Líon na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 16 | 13 | 24,668 | 22,629 |

Fuair daoine aonair áirithe san NESDO liúntas de 16.67% dá dtuarastal in áit ranníocaíochtaí pinsin.

### 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Rinneadh íocaíocht ex-gratia dar luach €30,977 (2014: €29,698) i leith sochair scor chomhaontaithe le hiarfhostaí amháin.

### 5.3 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €18,793 (11 cás) (2014: €13,080, 22 chás). Tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm i ndáil le €12,826 as sin (4 cás).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

**Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta**

| | Bliain an cheaptha | 2015 | 2014 | Caiteachas Iomlán go dtí deireadh 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse Fiosraithe II (Íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry) | 1997 | 2,856 | 3,697 | 53,656 |
| Binse Fiosraithe (Íocaíochtaí Dunne) | 1997 | 57 | — | 6,712 |
| Coimisiún Imscrúdaithe (Fennelly Commission) | 2014 | 1,160 | 578 | 1,731 |
| An Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) | 2015 | 477 | — | 477 |

B'ionann an caiteachas carnach i leith an Bhinse Fiosraithe (íocaíochtaí leis na hUasail Haughey agus Lowry) go dtí deireadh mhí na Nollag 2015 agus €53.6 milliún. Beidh tuilleadh íocaíochtaí ann a bhaineann leis an mBinse Fiosraithe seo. Ní féidir na costais chríochnaitheacha a chinneadh ag an bpointe seo.

B'ionann an caiteachas carnach i leith an Bhinse Fiosraithe (Íocaíochtaí Dunnes) go dtí deireadh mhí na Nollag 2015 agus €6.7 milliún. Rinneadh íocaíocht amháin in 2015 i ndáil le héileamh ar chostais ag tríú páirtí a d'eascair as íocaíocht sa bhliain sin. De réir dealraimh, ní dóigh go n-eascróidh aon éileamh eile ó thríú páirtí mar gheall ar an méid ama atá caite ó tháinig tuairisc ón mBinse.

Baineann an coimisiún Fiosraithe le Coimisiún Fennelly a bunaíodh le hOrdú Rialtais an 30 Aibreán 2014 le ceisteanna áirithe a fhiosrú a bhaineann leis an nGarda Síochána agus le dreamanna eile.

Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc agus bunaíodh é in 2015.

### 6.2 Bronntanais Oifigiúla

Áirítear ar an gcuntas suim €5,492 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le bronnadh ag an Taoiseach agus ag Airí Stáit i 2015 (2014: €3,028) nó thar a cheann (a gceann).